Forléargas ar thréithe agus fhairsinge na húsáide drugaí aindleathaí i measc an Lucht Siúil:

Staidéar taiscéalaíoch

NACD
National Advisory Committee on Drugs

Taighde arna Dhéanamh ag:

Choimisiúnaigh an CCND an taighde agus bronnadh an conradh ar *Vision 21* a rinne an obair allamuigh. Rinne Jane Fountain, Ollamh, ó Ionad Eitneachais agus Sláinte Ollscoil Lár Lancashire an anailís ar shonraí agus d'ullmhaigh sí an tuarascáil dheiridh.

Aidhm:

Forléargas a sholáthar ar thréithe agus fhairsinge na húsáide drugaí aindleathacha i measc an Lucht Siúil in Éirinn; patrúin den úsáid fhadhbach drugaí, agus iompair rioscúla a bhaineann le drugaí, a aithint; agus cur síos a dhéanamh ar idirghabhálacha atá ag teastáil chun teacht roimh na hiarmhairtí dochracha don tsláinte, a bhaineann leis an úsáid drugaí aindleathacha, agus déileáil leo.

Modh:

Reáchtáladh cuardach agus athbhreithniú cuimsitheach maidir leis an litríocht. Labhair taighdeoirí le 137 duine den Lucht Siúil agus le 34 oibrí gníomhaireachtaí trí ghrúpaí fócais agus agallaimh leathstruchtúrtha duine-le-duine. As measc an 137 rannpháirtí ón Lucht Siúil a cuireadh faoi agallamh don staidéar, bhí 15 ina n-úsáideoirí reatha agus ina n-iar-úsáideoirí drugaí (dleathach agus aindleathach). Rinneadh an obair allamuigh go deireanach in 2003 agus 2004. Rinneadh anailís de réir téamaí ar na sonraí, de réir na dtéamaí ba leanúnaí agus a bhain le haidhmeanna an tionscadail. Rinneadh nótaí agus téipthaifeadáin a glacadh i rith agallamh agus grúpaí fócais a thrascríobh go hiomlán agus tiomsaíodh na tuairimí ar fad a tugadh maidir le saincheist ar leith.

Torthaí Buntábhachtacha:

Thaispeáin na torthaí go raibh na patrúin i measc an Lucht Siúil cosúil leis na patrúin i measc an daonra go ginearálta.

- Is iad cannabas, támhacháin, suaimhneasáin agus frith-dhúlagráin na substaintí is forleithne a mbaineann an Lucht Siúil úsáid astu faoi mar atá amhlaidh leis an daonra go ginearálta.
- Tagann cóicín agus an eacstais ina dhiaidh.
- Tuairiscíodh go raibh níos mó fear ná ban ag baint úsáide as drugaí mídhleathacha agus tá sé srianta a bheag nó a mhór do na daoine fásta atá níos óige, idir 15 agus 34.
- Tá an úsáid ildrugaí (úsáid á baint as dhá shubstaint nó níos mó lena n-áirítear alcól) coitianta, arís, cosúil leis an daonra go ginearálta
- Tá an Lucht Siúil i mbaol na fadhbúsáide drugaí mar gheall ar na fachtóirí riosca a bhaineann lena gcúinsí idirghaolmhara sóisialta agus eacnamaíochta. Is iad na fachtóirí riosca buntábhachtacha don úsáid fhadhbach drugaí ná: oideachas, sláinte, fostaíocht, cóiríocht, úsáid drugaí roimhe agus faoi láthair, ceartas coiriúil, teaghlach, líonraí sóisialta agus an timpeallacht ó thaobh na díothachta sóisialta.
- Cuireann easpa eolais faoi dhrugaí agus sheirbhísí drugaí bacainn ar fhreagairtí an Lucht Siúil ar fhadhbanna drugaí lena n-áirítear a bheith ag dul i ngleic leis an mangaireacht drugaí.
- Tá taithí ag an Lucht Siúil ar an iomad constaicí a bheith rompu agus iad ag féachaint le teacht ar sheirbhísí drugaí. Baineann siad seo le: easpa feasachta ar sheirbhísí a bheith ann agus ar an gcineál seirbhísí atá ar fáil; easpa oideachais fhoirmiúil, stiogma agus náire; easpa seirbhísí a oireann dá gcultúr; idirdhealú agus stéiréitíopáil.
- Is féidir leis an taithí ar an idirdhealú agus eisiamh sóisialta a théann don phobal dlúth seo tionchar na húsáide drugaí ar daoine den Lucht Siúil iad, atá ina n-úsáideoirí drugaí, ar a dteaghlaigh agus ar a bpobal, a ghéarú.

Ar an iomlán, is léir ón taighde gur cinnte gur grúpa i mbaol iad an Lucht Siúil a bhfuil tionchar nach beag na húsáide drugaí agus na bhfadhbanna a thagann dá barr, ag teacht chun cinn dó anois. Thuairiscigh grúpaí an Lucht Siúil agus seirbhísí drugaí go bhfuil méadú ag teacht ar an úsáid drugaí, ar an úsáid fhadhbach, ar iompar frithshóisialta, ar fhrustrachas daoine den Lucht Siúil agus iad ag iarraidh teacht ar sheirbhísí agus ar fhrustrachas na seirbhísí drugaí agus iad ag iarraidh cliaint an Lucht Siúil a choinneáil i mbun cóireála. Bhí grúpaí an Lucht Siúil ag féachaint le freagairt do na saincheisteanna seo.

Moltaí don Rialtas:

1. Maoiniúchán chun oideachas agus litríocht shonrach faoi dhrugaí a fhorbairt don Lucht Siúil
2. Oiliúint san éagsúlacht a sholáthar do Sheirbhísí Drugaí chun cabhrú leo aghaidh a thabhairt ar riachtanais ghrúpaí eitneacha lena n-áirítear an Lucht Siúil, agus freastal ar na riachtanais sin
3. Ba chóir go mbeadh idirphlé ann leis an Lucht Siúil ag oibriú trí shamhail chomhoibre na dtascfhórsaí drugaí
4. Ba chóir go mbeadh monatóireacht ar an eitneachas ina cuid de gach taifead agus modh bailiúcháin sonraí
5. Ba chóir go gcabhródh promhadh ó thaobh comhionannais a chuirfí i ngníomh i leith polasaithe maidir le drugaí, mar a phleanáiltear agus a sheachadtar seirbhísí drugaí, le seirbhísí, a bheidh oiriúnach dá gcultúr, a chinntiú

Tá a thuilleadh taighde ar shaincheisteanna a bhaineann le drugaí sa Lucht Siúil ag teastáil chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna amhail líon na ndaoine a ghlacann le agus a fhanann i mbun cóireála le haghaidh drugaí.

Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Dhrugaí, 3ú hUrlár, Teach Shíol Bhroin, Bóthar Shíol Bhroin, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.
Teil: +353 (0)1 667 0760 Idirlíon: www.nacd.ie rphost: info@nacd.ie